AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.11.2025
COM(2025) 729 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta a tugadh don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta a tugadh don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht

1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht([1]) ('an Rialachán'), bunaíodh creat coiteann maidir le forbairt chórasach, táirgeadh córasach agus scaipeadh córasach staidrimh Eorpaigh ar thurasóireacht.

Leis an Rialachán, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh:

- lena leasaítear na sainmhínithe chun athruithe ar shainmhínithe idirnáisiúnta a chur san áireamh (Airteagal 2(2));
- lena leasaítear na spriocdhátaí maidir le tarchur sonraí chun forbairtí eacnamaíocha, sóisialta agus teicniúla a chur san áireamh (Airteagal 9(5)); agus
- lena ndéantar na hIarscríbhinní a oiriúnú chun forbairtí eacnamaíocha, sóisialta agus teicniúla a chur san áireamh. Mar sin féin, ní fhéadfaidh an Coimisiún athrú a dhéanamh ar na forálacha sna hIarscríbhinní lena ndéantar sonraí roghnacha de na sonraí atá ina gceanglas agus lena gcuirtear srian ar a raon feidhme (Airteagal 3(2)).

Cuirtear béim sa Rialachán freisin ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí i rith a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ag leibhéal na saineolaithe, sula ndéanfaidh sé gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. BUNÚS DLÍ

Le hAirteagal 11(2) den Rialachán, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 11 Lúnasa 2011. Déanfar an chumhacht seo a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí breise de 5 bliana mura gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana. Leis an tuarascáil seo déantar an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Glacadh an chéad tuarascáil, lena gcumhdaítear an tréimhse 2011-2015, i mí Eanáir 2016 ([2]).

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht agus lena n-aisghairtear Treoir 95/57/CE ón gComhairle (IO L 192, 22.7.2011, lch. 17 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/692/oj).

[2] COM(2016) 4 an 20.1.2016; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52018DC0010.

Glacadh an dara tuarascáil, lena gcumhdaítear an tréimhse 2016-2020, i mí Feabhra 2021 ([3]).

3. FEIDHMIÚ CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE FAOI RIALACHÁN (AE) UIMH. 692/2011

I rith na tréimhse 2011-2015, ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe amháin: Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 253/2013 ón gCoimisiún([4]).

I rith na tréimhse 2016-2020, ghlac an Coimisiún dhá ghníomh tarmligthe: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1681 ón gCoimisiún([5]) agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1569 ón gCoimisiún([6]).

Ó 2021 i leith, níor fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht a tugadh dó le Rialachán (AE) 692/2011 chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

4. CONCLÚID

Ón tuarascáil roimhe seo i leith, níor fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht a tugadh dó le Rialachán (AE) 692/2011 chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Mar sin féin, measann an Coimisiún gur cheart na cumhachtaí tarmligthe sin a bheith aige go fóill, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh air (mar a tharla i dtréimhsí roimhe seo) gníomhartha tarmligthe a ghlacadh amach anseo chun staidreamh Eorpach ar thurasóireacht a choimeád i gcomhréir le sainmhínithe idirnáisiúnta, nó chun forbairtí eacnamaíocha, sóisialta agus teicniúla a chur san áireamh.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

---

[3] COM(2021) 86 an 25.2.2021; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52018DC0010.

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 253/2013 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2013 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le hoiriúnuithe tar éis an athbhreithnithe ar an Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta ar an Oideachas (ACIO) maidir leis na hathróga agus na miondealuithe atá le cur isteach (IO L 79, 21.3.2013, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/253/oj).

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1681 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le turasóireacht, a mhéid a bhaineann le spriocdhátaí tarchuir agus le hoiriúnú Iarscríbhinní I agus II (IO L 258, 9.10.2019, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1681/oj).

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1569 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le haicmiú na dtíortha ina gcónaíonn aíonna a fhanann i mbunachais chóiríochta turasóireachta i gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas (IO L 359, 29.10.2020, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1569/oj).